Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7370/25**

**AGRILEG 41**
**PESTICIDE 3**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D105252/02 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aimídeasulfúróin, asocsastróibine, heicsitiasocs, iosocsaibeine, pioclóram, própamacarb, tiasulfáit airgid sóidiam agus teafluitrine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D105252/02.

---

Encl.: D105252/02

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2024/2904 Rev. 1
(POOL/E4/2024/2904/2904R1-EN.docx)
D105252/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aimídeasulfúróin, asocsastróibine, heicsitiasocs, iosocsaibeine, pioclóram, própamacarb, tiasulfáit airgid sóidiam agus teafluitrine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aimídeasulfúróin, asocsastróibine, heicsitiasocs, iosocsaibeine, pioclóram, própamacarb, tiasulfáit airgid sóidiam agus teafluitrine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás aimídeasulfúróin, asocsastróibine, heicsitiasocs, iosocsaibeine, própamacarb agus teafluitrine, socraíodh uasleibhéil iarmhar (‘MRLanna’) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás pioclóram, socraíodh uasleibhéil iarmhar i gCuid A d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás tiasulfáit airgid sóidiam, níor socraíodh aon MRL sonrach. Dá bhrí sin, i gcás na substainte gníomhaí sin tá feidhm ag an luach réamhshocraithe de 0,01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) A mhéid a bhaineann le hasocsastróibin, cuireadh isteach iarratas ar lamháltas allmhairiúcháin le haghaidh mealbhacán agus mealbhacáin uisce bunaithe ar úsáidí sa Bhrasaíl, de bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. A mhéid a bhaineann le heicsitiasocs, cuireadh isteach iarratas den sórt sin ar lamháltas allmhairiúcháin le haghaidh sméara dubha agus sútha craobh bunaithe ar úsáidí sna Stáit Aontaithe.

(3) A mhéid a bhaineann le própamacarb, cuireadh isteach iarratas ina n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh duillí raidise beaga agus raidisí, de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. A mhéid a bhaineann le pioclóram, cuireadh isteach iarratas den sórt sin maidir le saill agus ae mucra, ae bó-ainmhithe, ae caorach, ae gabhair, saill agus ae eachainmhithe, saill, ae agus ‘eile’ ainmhithe talún feirme eile, agus ‘mil agus táirgí beachaireachta eile’.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin uile agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an Coimisiún na

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

hiarratais, na tuarascálacha meastóireachta, agus na sainchomhaid tacaíochta ar aghaidh chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an 'tÚdarás').

(5) Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe[2]. Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

(6) A mhéid a bhaineann leis na hiarratais sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí iomchuí chun na moltaí MRL le haghaidh na dtráchtearraí faoi mheasúnú a dhíorthú nó a dheimhniú. I gcás pioclóram, mhol an tÚdarás sainmhíniú nua ar iarmhar le haghaidh forfheidhmiú is infheidhme maidir le táirgí plandaí agus mil mar 'phioclóram, saor agus comhchuingithe, arna shloinneadh mar phioclóram' seachas mar 'phioclóram' amháin, bunaithe ar an bpatrún meitibileach a shainaithnítear i staidéir mheitibileachta agus ar chumais na modhanna anailíseacha forfheidhmiúcháin. I gcás pioclóram, ní mholann an tÚdarás aon athrú ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh fíocháin beostoic.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna a iarradh le haghaidh asocsastróibine i mealbhacáin agus mealbhacáin uisce a shocrú; le haghaidh heicsitiasocs i sméara dubha agus sútha craobh; le haghaidh pioclóram i saill agus ae mucra, ae bó-ainmhithe, ae caorach, ae gabhar, saill agus ae eachainmhithe, saill, ae agus 'eile' ainmhithe talún feirme eile, agus 'mil agus táirgí beachaireachta eile' ar an leibhéal a mholann an tÚdarás.

(8) I gcás própamacarb, de réir Rialachán (AE) Uimh. 2024/3196 cuimsítear duillí raidise beaga i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus tá feidhm ag na MRLanna céanna maidir le ruachán Rómhánach/rucola i gCuid A den Iarscríbhinn sin[3]. Thug an tÚdarás dá aire go bhfuil an MRL atá ann faoi láthair i ruachán Rómhánach/rucola níos ísle ná an MRL atá beartaithe i nduillí raidise beaga. Tháinig sé ar an gconclúid gur gá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh faoi conas an MRL atá beartaithe le haghaidh duillí raidise beaga a chur chun feidhme.

(9) Ós rud é gur tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an luach MRL atá beartaithe le haghaidh duillí raidise sábháilte do thomhaltóirí i bhfianaise sonraí tomhaltais

---

2 Tá tuarascálacha eolaíocha ó EFSA ar fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu.

Lamháltais allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh asocsastróibine i mealbhacáin agus mealbhacáin uisce. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(12): e9130, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9130

Lamháltais allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh heicsitiasocs i sméara dubha agus sútha craobh. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(12): e9117, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9117

Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh pioclóram i dtráchtearraí ainmhíocha agus mil. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(10): e9067, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9067

Modhnú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh própamacarb i raidisí (fréamhacha agus duillí beaga). *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(11): e9092, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9092

*Review of the existing maximum residue levels for tefluthrin according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh teafluitrine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2020;18(1): e05995, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5995

3 Rialachán (AE) 2024/3196 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le duillí raidise (IO L 2024/3196, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3196/oj)

maidir le ruachán Rómhánach/rucola, is iomchuí an MRL sin le haghaidh própamacarb i ruachán Rómhánach/rucola agus i raidisí a shocrú ar an leibhéal a mhol an tÚdarás.

(10) A mhéid a bhaineann le hiosocsaibein, cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar an MRL atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh pónairí tirime agus piseanna tirime. A mhéid a bhaineann leis an iarratas sin, rinne Ballstát iarraidh ar úsáid a bhaint as an nós imeachta mear, dá bhforáiltear sna Treoirlínte Teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú[4], chun MRL a shocrú ar bhonn trialacha ar iarmhair a rinneadh ar phónairí (gan faighneoga).

(11) Rinne an tÚdarás measúnú ar thrialacha ar iarmhair a rinneadh ar phónairí (gan faighneoga) faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh iosocsaibeine, agus thug sé tuairim réasúnaithe maidir leis an MRL atá beartaithe[5]. Braitheann an tuairim sin ar an eolas reatha eolaíoch agus teicniúil ar an ábhar. Ós rud é gurb iomchuí eachtarshuí a dhéanamh ó na trialacha ar iarmhair ar phónairí (gan faighneoga) go dtí pónairí tirime agus piseanna tirime, ní gá iarraidh ar an Údarás tuairim réasúnaithe a thabhairt go sonrach maidir le pónairí agus piseanna.

(12) Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL le haghaidh iosocsaibeine i bpónairí tirime agus i bpiseanna tirime a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ar an leibhéal céanna leis an MRL le haghaidh pónairí (gan faighneoga).

(13) A mhéid a bhaineann le teafluitrin, cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar an MRL atá ann cheana le haghaidh teafluitrine i meacain ragaim, bliosáin ghréine, meacain bhána, salsaibh agus fréamhacha peirsile a mhodhnú.

(14) A mhéid a bhaineann leis an iarratas sin, rinne Ballstát iarraidh ar úsáid a bhaint as an nós imeachta mear dá bhforáiltear sna Treoirlínte Teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú, chun MRL a shocrú ar bhonn trialacha ar iarmhair a rinneadh ar mheacain dhearga.

(15) Rinne an tÚdarás measúnú ar thrialacha ar iarmhair ar mheacain dhearga faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh teafluitrine, agus thug sé tuairim réasúnaithe maidir leis an MRL atá beartaithe[6]. Bhí an tuairim sin ag braith ar an eolas reatha eolaíoch agus teicniúil ar an ábhar. Ós rud é gurb iomchuí eachtarshuí a dhéanamh ó na trialacha ar iarmhair ar mheacain dhearga go dtí meacain ragaim, bliosáin ghréine, meacain bhána, salsaibh agus fréamhacha peirsile, mar a

---

4 *Technical guidelines: MRL setting procedure in accordance with Articles 6 to 11 of Regulation (EC) No 396/2005 and Article 8 of Regulation (EC) No 1107/2009* [Treoirlínte teicniúla: Nós imeachta chun MRL a shocrú i gcomhréir le hAirteagail 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009] (SANTE/2015/10595 Rev. 6.1)

5 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for isoxaben according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh iosocsaibeine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(1):7062. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7062

6 *Review of the existing maximum residue levels for tefluthrin according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh teafluitrine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2020;18(1): e05995. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5995

dheimhnítear le treoirlínte an Aontais maidir le heachtarshuíomh MRLanna[7], ní gá a iarraidh ar an Údarás tuairim réasúnaithe a thabhairt maidir le meacain ragaim, bliosáin ghréine, meacain bhána, salsaibh agus fréamhacha peirsile go sonrach.

(16) Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL le haghaidh teafluitrine i meacain ragaim, bliosáin ghréine, meacain bhána, salsaibh agus fréamhacha peirsile a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ar an leibhéal céanna leis an MRL le haghaidh meacain dhearga.

(17) A mhéid a bhaineann le haimídeasulfúrón, cuireadh faisnéis bhreise isteach chun measúnú a dhéanamh ar shonraí deimhniúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí a sainaithníodh tar éis Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh gach tráchtearra ionadaíoch, lena n-áirítear tráchtearraí tirime (gránaigh). Chuir an t-iarratasóir faisnéis isteach nach raibh ar fáil roimhe sin, le linn an athbhreithnithe ar MRLanna, maidir le modhanna anailíseacha le haghaidh tráchtearraí tirime[8]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go gcomhlíontar go sásúil an ceanglas maidir le sonraí deimhniúcháin a mhéid a bhaineann le modhanna anailíse le haghaidh forfheidhmiú i dtráchtearraí tirime, go sonrach maidir le heorna, coirce, seagal agus cruithneacht[9].

(18) Dá bhrí sin, is iomchuí na fonótaí le haghaidh eorna, coirce, seagail agus cruithneachta ina dtagraítear do neamh-infhaighteacht modhanna anailíseacha a scriosadh agus MRLanna le haghaidh aimídeasulfúróin in eorna, coirce, seagal agus cruithneacht a shocrú go buan in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(19) Formheasadh tiasulfáit airgid sóidiam le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1195/2013 ón gCoimisiún[10], lena bhforáiltear nach bhféadfar ach úsáidí faoi dhíon i mbarra neamh-inite a údarú le haghaidh na substainte sin. Ní mheastar go mbeidh iarmhair i dtráchtearraí bia nó beatha a d’fhéadfadh a bheith ina riosca don tomhaltóir de thoradh choinníollacha úsáide na substainte sin. Ina theannta sin, ní féidir iarmhair airgid ó úsáid tiasulfáite airgid sóidiam a idirdhealú ó iarmhair a eascraíonn as láithreacht airgid sa chomhshaol, rud a tharlaíonn ar leibhéil níos airde. Thairis sin, díghrádaíonn tiasulfáit go tapa sa chomhshaol sa chaoi go ndéantar substaintí di atá ann go nádúrtha freisin. Ós rud é nár shainaithin an tÚdarás aon ábhar imní a

---

7 *Technical guidelines on data requirements for setting maximum residue levels, comparability of residue trials and extrapolation of residue data on products from plant and animal origin* [Treoirlínte teicniúla maidir le ceanglais sonraí chun uasleibhéil iarmhar a shocrú, inchomparáideacht trialacha ar iarmhair agus eachtarshuíomh sonraí faoi iarmhair i ndáil le táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch] (SANTE/2019/12752 – Rev. 01 – an 10 Bealtaine 2023)

8 *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels (MRLs) for amidosulfuron according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) atá ann cheana le haghaidh aimídeasulfúróin de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(3):3614. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2014.3614

9 Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach aimídeasulfúrón. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024; 22(9):e8984. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8984

10 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1195/2013 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach tiasulfáit airgid sóidiam, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 315, 26.11.2013, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1195/oj)

bhaineann le hairíonna na substainte[11], is iomchuí tiasulfáit airgid sóidiam a chuimsiú in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(20) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[11] Substaintí gníomhacha i lotnaidicídí nach bhfuil gá le hathbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana ina leith faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(2):e05591. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5591